An Tíreolaíocht

Nuachtlitir, Téarma 1

Tá ár bhfoireann ar an mbóthar arís an téarma seo, agus is mór an pléisiúr é bualadh le múinteoirí Tíreolaíochta i scoileanna agus ionaid oideachais ar fud fad na tíre. Tá Fiafraigh, Fiosraigh, Faigh Amach á éascú againn anois: Foghlaim atá Bunaithe ar Fhiosrú, an dara Eispéireas Foghlama Gairmiúla (EFG) inár sraith a thacaíonn le múinteoirí le sonraíocht athfhorbartha Thíreolaíocht na hArdteistiméireachta. Tá sé á fhiosrú againn i mbliana conas is féidir fiosracht agus iniúchadh faoi stiúir na scoláirí a spreagadh, agus smaointeoireacht tíreolaíochta a fhorbairt. Pléimid le chéile an tslí ar féidir ceistiú tíreolaíochta, gníomhaíochtaí praiticiúla, agus obair allamuigh beocht a chur san fhoghlaim agus an tslí ar féidir leo a bheith ina chuid de mhúinteoireacht Tíreolaíochta agus pleanáil ábhair laethúil.

An Fhoireann 26/27



Sinéad Duffy
Ceannaire Sinsearach



Elaine Power



Mary Gorman



John Coyle



Simon McLean



Michael Organ



Dylan Sweeney

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

An Scéal is Déanaí

An tEolas in Déanaí ar MRB

Tá na socruithe coigeartaithe MRB i gcás scoláirí sa tríú bliain i bhfeidhm fós go ceann 2026/2027 agus 2027/2028, agus dá réir sin scrúdaítear aon Mheasúnú Rangbhunaithe amháin (MRB) ar a laghad agus ní scrúdaítear Tasc Measúnaithe ar bith.

Sa staidéar fadaimseartha Ollscoil Luimnigh, arna choimisiniú ag an CNCM, tá béim ar an tairbhe atá sna MRBanna chun scileanna scoláirí a fhorbairt agus chun tacú le heispéiris foghlama ghníomhacha spéisiúla. Déanfaidh na torthaí sin eolas le haghaidh athbhreithniú na MRBanna atá ar siúl, déanfaidh athnuachan ar a n-ábhar, agus imreoidh tionchar ar na socruithe measúnaithe do chohórt 2028/2029 na Sraithe Sóisearaí.

Naisc maidir leis an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmeach





Treoirlínte

Coimre Shamplach

Aiseolas

Thug 90% de mhúinteoirí le fios é go raibh na seisiúin EFG Cnuasábhair sa Tíreolaíocht cabhrach nó an-chabhrach.

Ba iad fiosrúchán faoi stiúir scoláirí agus acmhainní ranga praiticiúla dhá ghné thábhachtacha a sainaithníodh, rud a thacaíonn le múinteoirí chun cuir chuige i leith na foghlama sa Tíreolaíocht atá bunaithe ar fhiosrú a fhorbairt.



Pillín EFG 2

Acmhainn Ranga
Am Athrú? Díospóireacht ar Athrú na gClog

Conas a thacaítear le teagasc agus foghlaim na scoláirí mar gheall ar an acmhainn sin?

As ceist ón bhfíorshaol a bhaineann le hathrú séasúrach an chloig a úsáid, is féidir linn cur le cumas na scoláirí chun fiosrúchán tíreolaíochta. Forbraítear príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí agus príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí, rud a chuireann le scileanna inaistrithe le haghaidh MRBanna agus an Tionscadail Tíreolaíochta Feidhmí. A chuireann ar chumas scoláirí bheith ina smaointeoirí criticiúla, cinnteoirí feasacha agus saoránaigh dhomhanda rannpháirteacha.

Am Athrú?
An Fiosrúchán de réir Scála: Áitiúil, Náisiúnta, Eorpach

Súmáil amach agus bogann an cheist ó shaol an lae go cinnteoireacht an AE



Ár bpobal: cad é an tionchar atá ag an athrú cloig ar dhaoine anseo? Scála áitiúil
Solas an lae chun obair feirme, chun an aistir chuig scoil, chun spóirt agus gnó áitiúil
Fianaise: agallaimh, suirbhéanna, taifid éirí agus luí na gréine áitiúla

súmáil amach



Éire: cad iad na himpleachtaí le haghaidh gníomhaíocht dhaonna ar fud na tíre? Scála náisiúnta
Is déanaí a bhíonn éirí na gréine san iarthar ná san oirthear; an fheirmeoireacht, turasóireacht, sábháilteacht ar bhóithre, agus cúrsaí sláinte
Fianaise: sonraí éirí na gréine de réir contae, tuairisciú nuachta náisiúnta, tuairimí na bhforas náisiúnta

súmáil amach



An Eoraip: conas a dhéantar cinneadh den sórt sin, agus cén fáth ar tháinig An scála Eorpach
Chaith an Pharlaimint vóta ar son an rúin chun deireadh a chur leis na hathruithe cloig in 2019; tá sé fós le haontú ag na baill stáit.
Cumhacht agus tionchar: an leas náisiúnta i gcoinne an mhargaigh aonair a choimeád ar aon chéim le chéile.
Fianaise: Torthaí comhairliúcháin an AE, vóta na Parlaiminte, seasamh na hÉireann mar atá ráite

Acmhainn Ranga
Athrú ceist ón bhfíorshaol ina fiosrúchán faoi stiúir scoláirí

Athrú séasúrach na gclog – sampla ón bhfíorshaol

Is léir ón acmhainn seo gur féidir le híomhánna fiosracht a spreagadh agus fiosrúchán tíreolaíochta a fhorbairt.



Bíonn scoláirí ag breathnú air agus á cheistiú ina thús agus ansin déanann siad anailísiú ar na himpleachtaí, fiosraíonn an éagsúlacht tuairimí agus

Ceisteanna samplacha a d'fhéadfadh foghlaimeoirí a fhiosrú chun dul i dtreo breithiúnas tíreolaíochta feasach

Breithiúnas tíreolaíochta feasach

Soiléireacht
Cad atáim a iarraidh a fháil amach?

Indéanta
An bhfuil mo cheist indéanta faoin am atá ar fáil?

Ábharthacht
An bhfuil mo cheist ábhartha don téama?

Comhthéacs tíreolaíochta
Cé? Cad é? Cén áit? Cathain? Cén fáth é? Conas?

Suíomh
Cá bhfuil sé atá ar siúl? An bhfuil tábhacht leis an suíomh?

Fianaise
Cén fhianaise atá ag teastáil uaim chun mo cheist a fhreagairt?

Acmhainní
Cé chomh maith, áisiúil, cothrom, nó rathúil atá na hacmhainní?

Modhanna
Cé na modhanna a mbainfidh mé úsáid astu chun sonraí a bhailiú?

Meastóireachta
Cé chomh éifeachtach a bhí ...?

Tuarthach
Cad is dóichí a tharlóidh dá ...?

Comparáideach
Conas atá na háiteanna, daoine, nó smaointe cosúil nó difriúil lena chéile?

Spásúil
Cá bhfuil ... le fáil agus cén fáth é?

Athmhachnamach
Cad a bhreac mé síos i mo chuntas fiosrúcháin?

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Is féidir le scoláirí a gceisteanna fiosrúcháin féin a fhorbairt as an sampla maidir le hathruithe cloig

1

Á CHUR CHUN SIÚIL

Ceisteanna iata gan comhthéacs ar bith

Ar cheart d'Éirinn deireadh a chur leis na cloig a chasadh siar?

Cad atá ag obair go maith?

Fíorshaincheist a tharraingíonn aird scoláirí ar an toirt.

An fearr é maidineacha nó tráthnónta níos gile a bheith ann?

An Chéad Chéim eile

Ceisteanna iata gan comhthéacs ar bith iad seo (is ea / ní hea, ceist rogha) gan chomhthéacs. Leathnaigh iad ie "conas" nó "cé mhéad de" agus ainmnigh áit nó a muintir.

2

FORBAIRT

Oscailte, ach fós róleathan

Cad é an tionchar a bheadh ag dheireadh na n-athruithe cloig ar mhuintir na hÉireann?

Cad atá ag obair go maith?

Ceisteanna oscailte ina ndírítear ar thionchar agus ar dhaoine.

Cén tionchar a bhíonn ag athrú séasúir ar ár saol laethúil inár gceantar?

An Chéad Chéim eile

Róleathan fós chun fianaise a bhailiú air. Dírigh an suíomh agus beartaigh cé na tuairimí agus cé na sonraí a thabharfaidh freagra dó.

3

DOIMHNIÚ

Oscailte, áitiúil, agus ilscála

Cá mhéad den bhuntáiste a bheadh ag daoine (inár bpobal) as deireadh na n-athruithe cloig, agus é an difríocht i measc na dtuairimí ar an gcinneadh ag an scála áitiúil, náisiúnta, agus Eorpach?

Cad atá ag obair go maith?

Oscailte, ceangailte d'fhíoráit, atá lámaithe ar chinneadh, agus tá na scála tugtha go follasach.

An mór an tionchar a bhíonn an t-athrú i solas an lae ar lá oibre na bhfeirmeoirí (inár gceantar) agus conas atá a dtuairimí ag teacht le tuairimí náisiúnta agus Eorpacha ar athrú cloig?

An Chéad Chéim eile

Ullamh chun fiosrú le roinnt modhanna. Cáilíochtúil: agallaimh nó taighde ón deasc. Cainníochtúil: taifid éirí agus luí na gréine, suirbhéanna ranga (e.g. taisteal go scoil), nó suirbhé CLG áitiúil ar chostais reatha tuilsoilse. Cuireann sé sin le scileanna atá ag teastáil le haghaidh CMBanna agus Tionscadail Tíreolaíochta Feidhmí.

Gníomhaíocht:

abair a bhfeiceann tú



Ceist: Nuair a Théann na Cloig Siar, Cé a Fhaigheann Solas an Lae?

Ó Íomhá go Fiosrúchán: Feiceáil, Ceistiú, Fiosrú.

TABHAIRT FAOI DEARA: Cad a thugann tú faoi deara faoin solas, am an lae, aimsir, daoine, agus aistir?	**CUR SÍOS:** Conas atá an dá aistear cosúil nó difriúil lena chéile?
CEISTIÚ: Cad é an sórt ceiste a spreagann gach pictiúr ionat maidir leis na cloig ag dul siar?	**MÍNIÚ:** Cén fáth a n-imreodh na maidineacha dorcha nó tráthnónta geala tionchar éagsúil ar dhaoine?
AINILÍSIÚ: Cé acu grúpa is mó a mbeadh na buntáistí nó dúshláin acu, agus cad ina thaobh é?	**COMPARÁID:** An mar a chéile na tionchair sa chathair, baile, sráidbhaile nó ceantar tuaithe in Oirthear/Iarthar na hÉireann?
MEASÚNÚ AIR: An bealach cothrom é athrú na gclog chun solas an lae a eagrú? Bain úsáid as cúiseanna atá le fáil sna pictiúir.	**FIOSRÚ:** Cé na hacmhainní, fianaise, nó sonraí a chabhródh leat do cheist a fhreagairt, leithéidí Met Éireann, an Phríomh-Oifig Staidrimh, nó sonraí sábháilteachta ar bhóthar ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre?
SÍNEADH: Cén cheist eile is féidir leat a fhiafraí maidir leis na tionchair shóisialta, dhaonna, fhisiciúla atá ag solas an lae?	Samplaí: Tionchair ar chostais leictreachais, cleachtais feirmeoireachta, fuinneamh gréine etc.

Príomhdhúshláin:


Na ceisteanna a choimeád indéanta, a chinntiú go bhfuil bailiú sonraí sábháilte agus indéanta, iontaofacht agus claonadh foinsí a sheiceáil, tuairimí a chothromú, agus dúshláin a thabhairt do tuairimí cultúrtha atá á ndéanamh talamh slán de.

Bailiú Fianaise:

Cainníochtúil 123

Uimhreacha is féidir a thomhas.

Uaireanta sholas an lae i mBaile Átha Cliath



- Amanna éirí na gréine de réir contaetha
- Scór agus comhairimh suirbhéanna

Cáilíochtúil “”

Focail, tuairimí, agus íomhánna.


“I mí na Nollag, bím ag tabhairt bia don eallach sa dorchadas roimh an turas scoile.” Agallamh samplach


- Agallaimh agus suirbhéanna oscailte
- Grianghraif, sceitsí, nuacht

Bíodh a fhios agat:
Léirítear an méid atá ar siúl le huimhreacha; mínítear le focail an tábhacht atá leo.

MODHEOLAÍOCHT	AN tSLÍ A dTACAÍTEAR FIOSRÚ LÉI
Machnaigh, Péireáil, Roinn	Obair i nGrúpaí chun tobshmaointeoireachta agus chun eolas a roinnt.
Roth Iarmhairtí	Tionchar atá ag coincheapa geografacha a léiriú.
Díospóireachtaí siúil	Scrúdú, plé, agus do réasúnú a chosaint.
Cleachtaí ‘Abair a bhfeiceann tú’	Íomhánna a ainilísiú le haghaidh an méid a fheicimid.
Roimhe & Anois	Scrúdú ar íomhánna, grianghraif, nó léarscálacha roimhe agus ina dhiaidh.
Bailiú Fianaise	Cur sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla le chéile.
Mataí boird	Sonraí a anailísú agus a mheasúnú ag roinnt leibhéal.
Léarscáiliú ArcGIS	Anailís gheospásúil ar shuíomh agus sonraí ábhartha.
Cártaí thráth na gceist	Measúnú chun na Foghlama.

Naisc go Torthaí Foghlama na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí





Torthaí foghlama
An Measúnú: MRB 1 agus MRB 2
Gnéithe
Príomhscileanna

Snáitheanna agus torthaí foghlama
An Measúnú: An Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmeach
An Snáithe Aontaitheach
Príomhinniúlachtaí

Meabhrúchán: Le linn 2026/2027 agus 2027/28, cuirfidh scoláire tríú bliain aon CMB amháin i gcrích ar a laghad, gan scrúdú a bheith déanta ar Thasc Measúnaithe.

Meabhrúchán: Foilseoidh CSS an choimre bheo le haghaidh an Tionscadal Tíreolaíochta Feidhmí i dTéarma 2 an chúigiú bliain (2026/2027), rud a chuimseoidh an dáta taiscthe maidir le 2028.

Cúrsaí Teagmhála


geography@oide.ie

@OidePostPrimary

TACAÍOCHT SCOILE OIDE

TACÚ LE SCOILEANNA TOSAÍOCHTAÍ A SHAINAITHINT, CLEACHTAS A PHLÉ, AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE A PHLEANÁIL.

Téigh i gcomhairle le do Phríomhoide maidir le tacaíocht Ionscoile ó thaobh Tíreolaíochta de



Táthar ag glacadh le iarratas le haghaidh tacaíocht ionscoile faoi láthair maidir leis an mbliain acadúil 2026/2027.